

❁ An Lúibín ❁

31 Bealtaine 2025

Na Cruacha Dubha agus Paróiste na Tuaithe: Seanchas agus Scéalaithe, in eagar ag Éamon Ó Céileachair.
A collection of songs and stories in Irish from south-west Kerry, drawn from the archives of the Irish Folklore Commission and edited by Éamon Ó Céileachair.

Idir na blianta 1936 agus 1940 is iomaí cuairt a thug an bailitheoir béaloidis Tadhg Ó Murchú thar ceann Choimisiún Béaloideas Éireann ar Pharóiste mhór na Tuaithe i ndeisceart Chiarraí, áit a bhí chomh leathan le barúntachtaí Dhún Ciaráin, beagnach, agus a bhfuil na Cruacha Dubha suite ina lár. Bhailigh sé cuid mhaith dár mhair de bhéaloideas Gaeilge na háite; bhí an teanga ag meath ann agus bhí lucht inste na scéalta ag dul in aois. Is beag deis a bheadh ann feasta teacht ar ábhar dá leithéid.



Na Cruacha Dubha
Wikimedia Commons

Ba é bailiú an bhéaloidis sna tríochaidí agus sna daichidí an toradh ba dhéanaí ar a ndearna lucht na hAthbheochana chun an dúchas a dhearbhu. Bhí Gaeilge na hAthbheochana á labhairt sna cathracha chomh maith, ach shamhlaigh aigne an Rómánsachais gur sa seanchas amháin a gheofa cuimhne imchian na nGael. D'fhág sin gur in Éirinn atá ceann de na bailiúcháin bhéaloidis is mó in Iarthar Eorpa.

Rinne Ó Murchú na scéalaithe a thairfeadh le nótaí agus ar shorcóirí céaracha an Eideafóin, gaireas ar baisteadh 'Újon' air sa dúiche. Fuair se lóistín i dteaghlaigh áitiúla agus thug cuairt na paróiste ar rothar, rud nárbh fhurasta, mar a dúirt sé féin: 'Talamh ana-chruaidh, ana-chlochach atá ar fuaid na Tuaithe'.

Táimid faoi chomaoín ag Éamon Ó Céileachair de bharr an t-ábhar seo a tharraingt as cartlann an Choimisiúin agus a chur in eagar chun an leabhar seo a dhéanamh: *Na Cruacha Dubha agus Paróiste na Tuaithe: Seanchas agus Scéalaithe*. Tugann liosta na dtopaic léargas ar éagsúlacht an ábhair: scéalta ar ainmhithe, scéalta fiannaíochta agus draíochta, scéalta cráifeacha agus rómánsúla, scéalta grinn, scéalta i dtaobh an tsaoil eile, seanchas sí, scéalta i dtaobh daoine agus áiteanna, piseoga, cúrsaí na talún, slite beatha sa seansaol, seanchas i dtaobh an Drochshaoil, seanchas i dtaobh an fhiadhúlra, rainn agus amhráin. Tugann Ó Murchú cuntas beoga ar na scéalaithe, daoine arbh fhir iad a bhformhór ach ceathrar ban ina measc. (Orthu siúd bhí Cáit Bhean Uí Fhoghlú – féach thíos).

Chloígh an t-eagarthóir le canúint na dúiche, tríd is tríd. Faighimid *thána* ('tháinig mé'), *bhraitheas* ('bhraith mé'), *raghad* ('raghaidh mé'), *as thobán* ('as tobán'), *go dtí a mhnaoi* ('go dtí an bhean'). Is cuid suntais í an chaint nádúrtha bhlasta líofa atá sna scéalta, caint nach furasta do Ghaeilgeoirí máistreacht a fháil uirthi.

Déanann an réamhrá léiriú ar chúrsaí sochtheangeolaíochta le linn Uí Mhurchú, agus táblaí ann a thaispeánann conas a bhí muintir na dúiche ag iompú ón nGaeilge go dtí an dátheangachas agus ansin go Béarla amháin ó lár an

19ú haois amach. Agus é ag caint ar thábla a léiríonn na hathruithe a thit amach idir 1851, 1871 and 1891 i mbarúntacht Dhún Ciaráin Thuaidh, deir an t-eagarthóir:

Tá an chuma ar na torthaí mar atá siad léirithe sa tábla go bhfuil pobal na barúntachta tar éis teacht ar aon aigne athrú ó Ghaeilge go Béarla ar chúis amháin nó ar chúis eile. Is é an teaghlach anois, chomh maith leis na scoileanna náisiúnta, láthair an athrú teanga de bhrí go bhfuil mórchuid na dtinteán dátheangach mar atá léirithe sa dara colún, Béarla agus Gaeilge. Is follas go bhfuil cuid de na tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge eatarthu féin agus Gaeilge agus Béarla leis na leanaí agus cuid eile ag labhairt Gaeilge amháin leo.

Mar shampla den bhéaloideas atá bailithe anseo, seo ‘Diarmán na Bó agus Capall an tSagairt’ (lch 140). Titeann láir an tsagairt i gceann a cos ar chúis éigin dhiamhair, agus deirtear leis gur ciorrú atá i gceist agus nach mór fios a chur ar Dhiarmán.

Ghluais sé [i.e. Diarmán] ar stealladh lena chois is dócha nuair a ‘nis sé an scéal do. Well, do tháinig sé is d’fhéach sé ar an gcapall is chonaic sé í is bhí sí sínte. Well, bhí an sagart lena ais. Well, nuair a bhí beagán ráite aige [den ortha]: ‘Well, a athair,’ ar seisean, ‘bean a chiorraigh do chapall,’ ar seisean, ‘bean a chiorraigh í,’ ar seisean, ‘ní haon fear a chiorraigh í,’ agus dhírigh sé ar chaint arís. Ba gheairid gur chiorraigh sí. Nuair a bhí an focal déanach ráite aige, léim sí agus chroth sí an srian chomh maith is bhí sí riamh.

Tugtar léargas anseo ar an gcaoi ar mhair an Chríostaíocht agus na piseoga go héasca i dteannta a chéile. Féach go bhfuil an sagart sásta glacadh leis go bhfuil ortha ag Diarmán a réiteoidh an scéal dó. Cuireann sé i gcuimhne dúinn chomh maith an cumas draíochta a bhíodh ag an gcailleach sa seansaol.

Ós san Astráil a fhoilsítear *An Lúibín*, ní mór a lua gurbh í an Ghaeilge an teanga dhúchais a bhí ag an gcuid is mó de na hÉireannaigh a tháinig anseo sa 19ú haois agus roinnt mhór acu as Cúige Mumhan. Thug siad lasta mór béaloidis anall leo, scéalta agus eile nár taifeadadh díobh ach an chuid ba lú san Astráil, ach cuireann leabhar dá leithéid seo in iúl dúinn go soiléir céard a tugadh anall agus céard a cailleadh. Is díol spéise iad na tagairtí a dhéantar anseo don Astráil. I scéal amháin deir tiarna talún lena oibríthe go gcuirfean an loch amach iad má ghoideann siad uan. Baineann fear áirithe tairbhe as seo.

Ghoid sé an t-uan is cuireadh dlí air, is deineadh transporting air go hAustralia. Sin mar a chuaigh sé sin go hAustralia gan aon phingin a dhíol as. Ach bhí sé ina dhuine uasal ina dhiaidh in Australia. Bhí.

In 1939 thug Ó Murchú cuairt ar Cháit Bhean Uí Fhoghlú (a luadh thuas), ‘bean chaol ard, chruaidh fhionnrua’ a bhí dultha anonn in aois agus a bhí a lán amhrán aici. Deir an t-eagarthóir: ‘Ar Lá “Stéisin” bheadh an tAthair Jones ag seinnt ar an veidhlín agus Cáit ag rince dó’. An tAthair Tom Jones atá i gceist, sagart a bhí ina cheoltóir maith agus ina lúthchleasaí suntasach, agus a chuaigh go Queensland tar éis gur oirdníodh é; d’fhan sé ann ó 1897 go 1905.

Tá léarscáileanna, liosta leabhar agus catalóg de na foinsí sa leabhar, cé gur trua nach bhfuil innéacs ann. Tá botúin chló ansiúd is anseo, ach dá ainneoin sin is leabhar é ar furasta sult a bhaint as. (Caithfimid buíochas a ghabháil le Margaret Coffey, duine de Ghael-Astrálaigh Melbourne, ós í a tharraing ár n-aird ar an leabhar sa chéad dul síos agus a sholáthair eolas breise.)



Teangacha dúchasacha agus intleacht shaorga

The preservation and teaching of indigenous languages can be aided by artificial intelligence.

Is dóigh leis na Náisiúin Aontaithe gur dócha go múchfar timpeall leath na dteangacha sa domhain – as 6,700 teanga san iomlán agus a bhformhór á labhairt ag dreamanna dúchasacha – faoin mbliain 2100. Maítear gurb annamh atá beartú ceart á dhéanamh chun iad a tharrtháil.

Is gearr ó bhí alt ar an iris *Nature* faoi obair an taighdeora intleachta saorga Michael Running Wolf.¹ D'fhás sé aníos in Montana, in aice le Tearmann Tuaisceartach na Siánach. É de phór Siánach agus Lacótach agus teangacha dúchasacha á labhairt ina thimpeall nuair a bhí sé óg. Is fada é féin agus a bhean chéile Caroline, duine ilteangach den náisiún Apsáalooke, ag smaoineamh ar leas a bhaint as uirlisí ríomhaireachta agus as mórghunachar sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar chultúir dhúchais agus a gcuid teangacha a athbheochan. É de chuspóir acu feidhm a bhaint as intleacht shaorga (IS) agus réaltacht fhíorúil chun beocht a chur i dteangacha atá ag meath.

Is minic atá an struchtúr ainmí-briathar-cuspóir (nó briathar-ainmní-cuspóir i gcás na Gaeilge) ag teangacha Eorpacha. A mhalairt atá ag a lán teangacha dúchasacha, iad ollsintéiseach agus bunaithe ar bhriathra, agus a lán bríonna á gcur in iúl in aon fhocal amháin. De ghnáth déanann samhla giniúnacha IS an chéad fhocal eile in abairt áirithe a thuar ar bhonn na bhfocal a tháinig roimhe, agus fágann sin gur minic is deacair d'algartaim teangacha dúchasacha a aithint agus a aistriú. Ach má chuirtear na teangacha sin san áireamh agus na samhla sin á gcruthú, déantar na halgartaim níos solúbtha agus níos fóna. Tá taobh eile ar an scéal seo, ar ndóigh. Tá leithéidí OpenAI, Amazon agus Google ar a seacht ndícheall ag bailiú sonraí teangacha dúchasacha chun táirgí a dhéanamh, táirgí a gcaithfear íoc astu go minic.

Rinne na húdaráis Mheiriceánacha a ndícheall chun teangacha agus cultúr na náisiún dúchasach a scrios. Is éard a thagann de sin nach bhfuil an oiread sin cainteoirí líofa ann chun teangacha a mhúineadh agus chun samhla IS a oiliúint. Mar a deir Running Wolf, níl na modhanna múinteoireachta atá á n-úsáid anois oiriúnach chun na hoibre, agus ní foláir iad a athchóiriú agus feabhas a chur orthu. Tá rún aige féin agus ag a bhean chéile acmhainní a chur ar fáil do phobail dhúchasacha chun iad a chur ar an eolas faoina ndúchas agus faoin teicneolaíocht, agus chun smacht a thabhairt dóibh ar úsáid a sonraí féin.



Ré na seanaoise

The population of the world, once assumed to be perpetually increasing, is now predicted to fall. In developed countries this is already evident. It has been argued that the younger generations are the source of innovation and progress; if those generations diminish, and if incentives for parenthood prove ineffective, technology may have to come to the fore.

Tá borradh fós faoi dhaonra an domhain. Mar sin féin, deirtear go dtosóidh an daonra sin ag dul i laghad faoi dheireadh na haoise seo. Deir an Institiúid Idirnáisiúnta um Anailís Fheidhmeach Córas gurb éard is dóichí ná go mbainfidh an daonra deich mbilliún duine amach in 2080 agus go n-ísleoidh sé go dtí naoi mbilliún faoi 2100.² Beidh moill ar an íslíú de bharr laghdú an ráta báis agus laghdú mall ar an torthúlacht i dtíortha atá an-torthúil go fóill.

Dá bhrí sin, mar a deirtear go minic, sáróidh an aois an óige le himeacht aimsire. Áitítear gur daoine óga a chuireann an saol chun cinn.³ Ach déanfar tithe altránais de scoileanna feasta agus beidh na hospidéal lán go doras. Cuirfidh an claonadh déimeagrafach cúrsaí geilleagair, nuála, cultúir agus forbairt sóisialta as a riocht. Ní bheidh an oiread sin daoine ag íoc cánach a thuilleadh agus ní bheidh an t-airgead céanna ar fáil i gcúrsaí oideachais, sláinte, bonneagair, slándála agus leasa sóisialaigh. Ní bheidh ár ndóthain cúramóirí againn ach oiread.

Is iad na glúine nua, más fíor, is mó atá sásta dul sa seans, teicneolaíochtaí nua a cheapadh, glacadh le smaointe nua. Agus tá borradh an gheilleagair ag brath ar mhéadú daonra – níos mó oibrithe, níos mó custaiméirí, níos mó nuálaíochta. Is féidir rudaí a dhéanamh ar an mórchoir, agus is móide an eifeachtúlacht agus an gustal dá bharr.

Tig linn dul thar fóir le scéin roimh a bhfuil le teacht, ar ndóigh, agus ní foláir dúinn machnamh fuarchuiseach a dhéanamh ar an scéal. Is léir go bhfuil dlúthbhaint ag na cúrsaí seo le cás na mban. De réir mar éiríonn tíortha níos saibhre tagann fáil ag na mná ar oideachas agus ar ghairmeacha, agus tá siad in ann a rogha féin a dhéanamh i

¹ Amanda Heidt, 'Michael Running Wolf leads artificial-intelligence initiatives to revive lost languages and empower Indigenous people,' *Nature*, 2/5/25: https://www.nature.com/articles/d41586-025-01354-y?utm_source=Live+Audience&utm_campaign=4502c76600-nature-briefing-daily-20250507&utm_medium=email&utm_term=0_b27a691814-4502c76600-51203724.

² <https://iiasa.ac.at/news/mar-2024/populations-of-future-updated-tool-helps-to-visualize-projections#:~:text=In%20the%20most%20likely%20scenario,1.5%C2%B0C%20target%20alive>

³ Victor Kumar (Ollamh Cúnta le Fealsúnacht in Ollscoil Bhostúin), 'The vanishing of youth: The precipitous decline of birthrates throughout the world poses a serious threat to humanity. What is to be done?': <https://aeon.co/essays/population-decline-will-rob-us-of-vital-social-force-youth>.

dtaobh clann a bhreith. Cruinníonn daoine le chéile sna cathracha agus éiríonn tithíocht gann. Scaipeann muintireacha agus cailleann tuismitheoirí óga cabhair dá bharr, agus éiríonn tógáil clainne níos daoire.

Moltar go gcuirfí beartais áirithe i bhfeidhm, fiú mura bhfuil dlúthbhaint acu le torthúlacht. Breis saoire tuismitheoireachta, cúram leanaí fóirdheonaithe, beartais chánach ar son lánúineacha, breis tithíochta, fir a spreagadh chun breis aire a thabhairt do leanaí, agus áiteanna oibre a dhéanamh níos feiliúnaí do theaghlaigh.

Is léir nach bhfuil aon fhuascailt amháin ar an bhfadhb, agus ní cinnte go mbeadh toradh fóna ar na beartais úd thuas. Más ea, tig linn ár muinín a chur sa teicneolaíocht: róbait a thabharfaidh aire dúinn agus a dhéanfaidh obair láimhe de gach cineál, intleacht shaorga a cheapfaidh teicneolaíocht nua agus ealaín nua, fiú. Téama coitianta san fhicsean eolaíochta is ea na leanaí a ghintear i mbroinn shaorga agus a bhfuil róbait ina bhfeighil ina dhiaidh sin, téama a bhféadfadh bun fírinne a bheith leis san am atá le teacht. B'fhéidir gurb iad na róbait a adhlacfaidh sinn chomh maith, le deasghnátha cuí.

Tiocfaidh deireadh leis an gcine daonna luath nó mall: go mall, b'fhéidir, glúin i ndiaidh glúine. Agus, ós Gaeilgeoirí sinn, céard atá i ndán do theangacha neamhfhorleathana mura mbeidh cainteoirí óga acu? Ní dócha, i ndeireadh na dála, go n-imeoidh an óige de dhroim an tsaoil, ach tá ré na seanaoise ag druidim linn.



An cogadh thoir: an Úcráin agus an Rúis

D'fhéadfá an cheist seo a chur: Cén fáth a mbíonn míreanna faoin Úcráin ar an nuachtlitir seo? Ceist mhaith, agus seo é an freagra. Tá cogáil ar siúl in áiteanna eile – sa Mheánoirthear, i Méanmar – agus leanann crá agus marú iad. Níl ach aon chogadh amháin, áfach, a bhfeicfidh tú dhá stát a troid le chéile, rud neamhchoitianta ar na saolta seo. Fágfaidh an cogadh áirithe seo a rian ar an gcogáíocht feasta i dtaca le teicneolaíocht de. Agus, gan amhras, beidh sé mar ábhar staidéir sna hacadaimh mhíleata as seo amach. Thairis sin de, léiriú é (léiriú eile, a déarfá) ar an gcosair chró a fhágann a leithéid ina diaidh – na mílte a maraíodh, a leonadh, a díbríodh.

<https://www.youtube.com/watch?v=ujshmgFOD70>

An Dr Jason Jay Smart, taighdeoir, ag caint ar an ionsaí nua atá le déanamh ag an Rúis in aice le Kharkiv, le 67,000 saighdiúir. Teipfidh ar an ionsaí, dar leis, toisc go bhfuil an Rúis traochta, agus cuireann sé síos ar dhrochstaid na tíre. Foinsí: Aireacht Chosanta na hÚcráine, Aireacht Chosanta na Breataine, An Institiúid um Staidéar na Cogáíochta, an Kyiv Independent, BBC Ukraine, faisnéis oscailte ó GeoConfirmed agus DeepStateMap.

https://www.youtube.com/watch?v=o40c_k4e_Rg

Tugann an 'Russian Dude' léargas anseo ar dhrochstaid na Rúise. Áitíonn sé nach bhféadfaidh geilleagar na Rúise fanacht ar bun mura leanann an cogadh. Is é an cogadh a choinníonn Putin i gcumhacht agus a choinníonn a rialtas slán. Ní thig leis an earnáil airgeadais mórán a dhéanamh anois chun an geilleagar a fheabhsú.

<https://www.youtube.com/watch?v=QhVKWCM1JdA>

'Operator Starsky' atá mar ainm bréige ar an saighdiúir Úcránach seo. Cuireann sé síos ar a ndearna sé mar shaighdiúir sa chogadh. Bhí sé páirteach sa chath ag Aerphort Hostomel, át ar bacadh ar na Rúisigh dul ar aghaidh chun Kyiv. É ag caint ar chogadh na ndrón agus ar bholscaireacht na Rúise.

<https://www.youtube.com/watch?v=27xCPZzI1y4>

'The Kremlin's Future: Navigating a Post-Putin Era': Jason Jay Smart agus Jonathan Fink.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó rianach965@gmail.com.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or rianach965@gmail.com.

Trí dhán le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022). Dánta leis sa chnuasach dátheangach *Ó Chréanna Eile/From Other Earths* (Bobtail Books 2024), in éineacht le Julie Breathnach-Banwait.

Dúradh riamh go raibh an tApacailipsis chugainn. Níor tháinig Lá an Bhrátha fós ach tá éin an mhí-áidh os ár gcionn i gcónaí. Seo dhá dhán apacailipteacha mar phéire nádúrtha (an chéad cheann foilsithe cheana anseo agus é ceartaithe beagán anois), in éineacht le dán eile.

Tar éis

Tar éis an Apacailipsis
déarfá nár tharla athrú
ar an saol
na tithe céanna ann
gnáthchaint is siopadóireacht
ach torathair ar fán ann
in éide mheabhlach
is solas nár mhair
ach i scátháin bhriste
is dath an mhéala tagtha
ar bhallaí ar chrainn ar uisce

Thall

Níorbh áil leo géilleadh
do scéala na coscartha
(scéal dheireadh an domhain)
mar anseo bhí sráideanna ciúine
is rúin nach sceithfí
ach trí do chodladh
cé go gcrochadh an ghaoth úd
bréantas an dochair anall léi
is glam na gcúnna stiúgtha

Lá eile

Lá eile a dúirt tú
is an chéad solas chugat
is éan ag labhairt amuigh
le guth anaithnid
is an doras ar oscailt
roimh eachtrannaigh
a d'fhiafraigh díot
cén tír í seo is cá bhfaighidís
an taisce úd a gealladh dóibh
is cár adhlacadh a ngrá